

Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae na Gaillimhe ar www.duchas.ie anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil lámhscríofa ó Chontae na Gaillimhe a léamh ar www.duchas.ie anois.

Ábhar a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Tá breis is 500,000 leathanach d'ábhar i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta scoile i níos mó ná 5,000 scoil sna 26 chontae.

Tá ábhar as na contaetha sin á chur ar fáil ar thaisclann nua de bhéaloideas na hÉireann, duchas.ie, le bliain anuas agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh sciar mór de Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó Bhaile Átha Cliath, ó Mhaigh Eo, ó Dhún na nGall agus ó Phort Láirge ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é duchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun an chéad lá in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD, Fiontar i DCU agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é duchas.ie ar mhaithe le taighdeoirí a chuireann suim sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí amach anseo.

I ndeireadh Mheán Fómhair 1935, labhair Séamus Ó Duilearga, Stiúrthóir Oinigh Choimisiúin Bhéaloideas Éireann, ag cruinniú chraobhacha na Gaillimhe de Chumann Múinteoirí Éireann. Rinne sé cur síos ar Scéim na Scol agus ar an tábhacht ar leith a bhain le hábhar béaloidis a bhailiú i gContae na Gaillimhe, mar a thuairiscigh *The Connaught Tribune* (19.10.1935): 'Galway was one of the most important parts of the country where folklore was concerned. Because of the fact that it contained a large Gaeltacht it was a reservoir of oral literature'.

Ghlac breis agus 300 scoil páirt sa scéim i gcontae na Gaillimhe agus tionsaíodh 84 imleabhar mór d'ábhar béaloidis. Tá tuairim is 42% den ábhar seo i nGaeilge.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim amháin eile í seo den tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar nua maidir le saol traidisiúnta na Gaillimhe – Gaeltacht na Gaillimhe san áireamh – sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar úr seo ar chumas an taighdeora agus an ghnáthdhuine araon an difríocht a fheiceáil idir an saol sa chontae os cionn 80 bliain ó shin agus saol an lae inniu.'

Tá duchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal duchas.ie á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair duchas.ie maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

Nóta: Beidh deis ag an bpobal páirt a ghlacadh sa tionscadal seo ó mhí Eanáir 2015 ar aghaidh. Tuilleadh eolais ar fáil ag duchas.ie/ga/info/crowd nó ó eolas@duchas.ie.



An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

